CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA

# COSANTÓIR AIRGEADAS AE

# Cé a sheiceálann go mbaineann beartais an Aontais a gcuspóirí amach agus go gcaitear airgead na gcáiníocóirí ar bhealach maith?

Is iad Cúirt Iniúchóirí na hEorpa cosantóirí airgeadais AE i ngach Ballstát den Aontas Eorpach agus ar fud an domhain




**€600**

in aghaidh na bliana

Caitheann an tAontas €600 in aghaidh na bliana ar gach saoránach de na 27 mBallstát





Seiceálann Iniúchóirí AE an méid seo a leanas:

- An dtugann an t-airgead a chaitear breisluach agus an mbaintear torthaí amach
- An bhfuil riosca ann go gcaithfí airgead go míchuí
- An mbaintear cuspóirí beartais AE amach go barainneach, go héifeachtúil agus go héifeachtach

# Conas a chuidíonn Iniúchóirí AE chun bainistíocht airgeadais an Aontais a fheabhsú?

## Ní leor an t-airgead a chaitheamh i gceart



Cuidíonn Iniúchóirí AE lena chinntiú go ndéanann gach uile euro difear

## Scrúdaíonn Iniúchóirí AE an méid seo a leanas, mar shampla...

An dtógtar **bonneagar** agus an mbaineann daoine úsáid as go hiarbhír



An dtugann **tionscnaimh ghlasa** aghaidh ar dhúshláin chomhshaoil agus aeráide



An bhfuil **poist agus fás** á seachadadh go hiarbhír



An bhfuil **cistiú téarnaimh (NGEU)** á úsáid go héifeachtach



# Cé hiad Iniúchóirí AE?

Tá siad neamhspleách ó chomhlachtaí náisiúnta agus Eorpacha eile

Tagann siad ó réimse de chúlraí gairmiúla:

- Innealtóireacht
- Iniúchóireacht
- Dlí
- Cuntasaíocht
- Eacnamaíocht
- Bainistíocht airgeadais

Tá foireann tacaíochta thiomnaithe d'aistritheoirí agus d'fhoireann riaracháin eile acu

# Conas a chuidíonn Iniúchóirí AE lena chinntiú go mbíonn luach ar airgead ag baint le caiteachas AE?

Déantar an-chuid caiteachas a bhainistiú go comhpháirteach leis na Ballstáit

Cistí na mBallstát → € ← Cistí an Aontais

Tugann Iniúchóirí AE cuairt ar thionscadail ar an bhfód...

... áit a seiceálann siad go bhfuil úsáid chuí á baint as airgead cháiníocóirí an Aontais

Foilsíonn siad tuarascálacha ina moltar feabhsúcháin, le léamh ag na daoine seo a leanas:

- Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle
- Lucht ceaptha beartais sna Ballstáit
- Saoránaigh an Aontais





## TÁIMID LE FÁIL AR

**eca.europa.eu**

Cúirt Iniúchóirí na hEorpa
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUXEMBOURG

Lucsamburg: Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh, 2024

© An tAontas Eorpach, 2024 (CC BY 4.0)

ISBN 978-92-849-2313-7
doi:10.2865/127522

QJ-09-24-448-GA-N